LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH



# Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach

## BILEOG NUASHONRAITHE NA NOIBREACHA

6km

8km

5.4km

Tá Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach mar chuid de Chroí-Líonra Taistil Ghníomhaigh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus tá an líonra á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA).

Cuirfidh sé 8km d’áiseanna siúil agus 6km d’áiseanna rothaíochta ar fáil, mar aon le 5.4km d’infreastruchtúr tosaíochta bus, glasú níos fearr, uasghráduithe fearainn phoiblí agus uasghráduithe fóntais, uilig ar ardchaighdeán, agus cuirfear 6km de phríomhlíonra uisce nua isteach de bharr go bhfuil an sean-phríomhlíonra uisce ann le 100 bliain anuas. Clúdaíonn an scéim Bóthar Chluain Tarbh (ón acomhal le Bóthar Ailf Uí Bhroin) go dtí Sráid Amiens (ag an acomhal le Sráid Thalbóid).

Cuirtear eolas ar fáil sa bhileog seo faoi cúpla cloch mhíle mar aon leis na pleananna bainistíochta tráchta sealadacha a moladh.




## CÉARD ATÁ SA BHILEOG EOLAIS SEO?


1 Aitheantas
2 Dul Chun Cinn go nuige seo
3 Clár Oibreacha
4 Sonraí Teagmhála
5 Líníochtaí an Tionscadail


## AMLÍNE:

| R4 2017 | R4 2020 | R1 2022 | R2 2024 |
|---|---|---|---|
| Cuid 8 Faofa | Fógairt Tairiscintí | Tús na nOibreacha | Deireadh na nOibreacha |

Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## 1 BUÍOCHAS A GHABHÁIL LEIS AN BPOBAL

Ba mhaith le Foireann Tionscadail Chluain Tarbh go Lár na Cathrach de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath buíochas a ghabháil le cónaitheoirí, gnólachtaí agus comaitéirí taobh le bealach Chluain Tarbh go Lár na Cathrach arís, as ucht a bhfoighne agus as ucht an chomhoibrithe, dhá rud a dhéanann éascaíocht ar sheachadadh rathúil an Tionscadail tógála shuntasaigh agus dhúshlánaigh. Eascraíonn cur isteach sealadach as tionscadail den mhéid seo nach féidir a sheachaint. Is é an aidhm atá againn, an cur isteach a íoslaghdú le linn dúinn an tionscadal a chur chun cinn. Go raibh maith agat as do chomhoibrithe agus d'fhoighne leanúnach

## 2 DUL CHUN CINN GO NUIGE SEO



An raon rothar isteach críochnaithe agus oscailte ó Bhóthar Ailf Uí Bhroin go dtí Droichead na Lúblíne






Leantar den phábháil agus den tírdhreachú ar fud an bhealaigh



Balla cloiche stairiúil atógtha le rothar-raon oscailte ar Bhóthar na Trá Thuaidh



Tá thart ar 6km de phríomhlíonra uisce nua le cur isteach in ionad an phríomhlíonra atá ann le 100 bliain ar fud an bhealaigh



Tá Pábháil, Plandáil agus rothar-raon nua ann anois le húsáid ag an bpobal



Tá seacht gcinn de na stadanna bus ar an mbealach críochnaithe agus tá siad oscailte




Tá poill chrainn shaincheaptha á lonnú chun tacú leis na crainn nua ar an scéim




Páirceáil Phoiblí oscailte agus réimsí Bithchoinneála Draenála Uirbí Inbhuanaithe curtha i bhfeidhm ag Stáisiún Dóiteáin na Trá Thuaidh




Leanúint d’atógáil an bhóthair ag gach ceann de na hacomhail mhóra ar fud an bhealaigh



Tá an chomharthaíocht ar na Taobh-Bhóithre Tosaíochta Coisí ag aon taobh-bhóthar déag ar fud an bhealaigh

# 3 CLÁR OIBREACHA LE CRÍOCHNÚ R2 2024




Is dátaí tionscadail garbha iad seo a bhaineann leis na codanna a leagtar amach ar mhapa an tionscadail thuas (Cuid 3):

- **Cuid 1** (Sráid Thalbóid go dtí Sráid Buckingham) - oibreacha ar siúl ar Ráille Oidhreachta ag Ceanncheathrú CIE agus cuireadh tús leo ag Deireadh R3 2023
- **Cuid 2** (Sráid Buckingham Íochtarach go dtí Acomhal na gCúig Lampa) - oibreacha móra críochnaithe ar an mbealach isteach agus oibreacha fós ar siúl ar an taobh Amach
- **Cuid 3** (Acomhal na gCúig Lampa go dtí acomhal Phlás Annesley) - oibreacha móra críochnaithe ar an mbealach isteach agus cuireadh tús le hoibreacha ar an taobh amach R3 2023
- **Cuid 4** (Acomhal Phlás Annesley go Droichead Annesley) - oibreacha móra críochnaithe ar an mbealach isteach agus cuireadh tús le hoibreacha ar an taobh amach R3 2023
- **Cuid 5** (Droichead Annesley go dtí Coirnéal Edge) - oibreacha móra críochnaithe ar an mbealach isteach agus cuireadh tús le hoibreacha ar an taobh amach R3 2023
- **Cuid 6** (Coirnéal Edge go dtí Bóthar Ghabhal Bhinn Éadair) - oibreacha móra críochnaithe ar an mbealach isteach agus cuireadh tús le hoibreacha ar an taobh amach R3 2023
- **Cuid 7** (Bóthar Ghabhal Bhinn Éadair go dtí Bóthar Ailf Uí Bhroin) - Mionoibreacha draenála le críochnú ar an mbealach isteach agus cuireadh tús le hoibreacha ar an taobh amach R3 2023




Léiriú ealaíontóra de phointe crosaire Coisí agus Rothaí le bheidh suiteáilte le Marglann Marino a nascadh le Páirc Fhionnradhairc.

## 4 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE CCBÁC AGUS LEIS AN GCONRAITHEOIR

Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi Thionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach, nó dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh le foireann tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, féach na roghanna thíos:

www.c2cc.ie (Dean scanadh orm)

activetraveloffice@dublincity.ie mar aon leis an ábhar: Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árainn, Cé Árainn, Baile Átha Cliath 7. Éire. D07 H5CH

Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

Is seirbhís foláireamh SHAOR é DCC Alerts ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Chun nuashonruithe a fháil faoi na hoibreacha a bhaineann leis an Scéim cláraigh ag https://alerts.dublincity.ie/

---

Chun teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir, Clonmel Enterprises Ltd:

Teagmháil Éigeandála 24 uair an chloig: 086 032 4904

c2cc@clonmelent.com

www.clonmelent.com

## 5 LÍNÍOCHTAÍ AN TIONSCADAIL

Is féidir féachaint ar na líníochtaí deartha de Thionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach ag:

- Leabharlann Mheal Charleville, an Trá Thuaidh, Baile Átha Cliath 1
- Leabharlann Marino, 14 - 20 Marglann Marino, Baile Átha Cliath 3
- www.c2cc.ie